C/2025/1340

21.2.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11843 – ARES / MACQUARIE / DATA REALTY GROUP / PRIME DATA CENTERS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/1340)

1. An 11 Feabhra 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Ares Management Corporation ('Ares', na Stáit Aontaithe), faoi rialú deiridh Ares Partners Holdco LLC ('Ares Partners', na Stáit Aontaithe) faoi láthair,

— Wholesale DC Asset Holdings LLC ('WDCAH', na Stáit Aontaithe), faoi rialú deiridh Macquarie Group Limited ('Macquarie', na Stáit Aontaithe) faoi láthair,

— Data Realty Group ('DRG', na Stáit Aontaithe), faoi úinéireacht iomlán Data Realty Holding Corp (na Stáit Aontaithe),

— Prime Data Centers LLC ('Prime Data Centers', na Stáit Aontaithe), faoi rialú comhpháirteach WDCAH agus DRG faoi láthair.

Gheobhaidh Ares rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Prime.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin conartha nó aon mhodh eile.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is bainisteoir infheistíochta malartaí domhanda é Ares agus cuireann sé réitigh chomhlántacha infheistíochta príomha agus tánaistí ar fáil do chliaint ar fud cineálacha sócmhainní an chreidmheasa, an chothromais phríobháidigh, na réadmhaoine agus an bhonneagair.

— Is grúpa airgeadais éagsúlaithe é Macquarie a sholáthraíonn réitigh bainistíochta sócmhainní agus airgeadais, bhaincéireachta, chomhairleacha agus riosca agus chaipitil do chliaint ar fud fiachais, cothromais agus tráchtearraí. Is cuideachta sealbhaíochta é WDCAH laistigh de Macquarie trína sealbhaíonn sé a leas in Prime Data Centers.

— Is ciste infheistíochta é DRG a infheistíonn ar fud an domhain i ngnólachtaí a fhreastalaíonn ar riachtanais bonneagair sonraí. Díríonn straitéis infheistíochta DRG ar ionaid sonraí, lena n-áirítear oibríochtaí agus forbairt.

— Soláthraíonn Prime Data Centers réitigh bonneagair lárionaid sonraí, agus cuireann sé saoráidí ar fáil atá deartha chun tacú le riachtanais sonraí gnólachtaí, le fócas ar an inbhuanaitheacht agus ar an tslándáil.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11843 – ARES / MACQUARIE / DATA REALTY GROUPG / PRIME DATA CENTER

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË